# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

**Ar an 1ú Méan Fómhair, d'fhógair Oireachtas na Gaeilge gearrliosta do Feachtas Meáin Shóisialta na bliana 2021. Ba údar bród agus athás dúinn i gConamara Láir, nuair a foilsíodh an gearrliosta seo agus go raibh ainmniúchán faighte ag feachtas #ConamaraLáir.**




Máirín ag glacadh leis an ngradam i dTeach & Estáit Farmleigh ar an 26ú Samhain

**Is ar Mháirín Ní Choisdealbha -Seoige a bhí an lúcháir, ardú croí agus meanman nuair a d'fhógair Máirín Nic Dhonnchadha, Stiúrthóir Gníomhach an Oireachtais gurbh é Feachtas Chonamara Láir a bhuaigh an gradam sa chatagóir seo.**

**Ghlac Máirín leis an ngradam ar son Chonamara Láir ó Aire Stáit na Gaeltachta, Jack Chambers, agus ghabh sí buíochas le hÚdarás na Gaeltachta, Lorg Media, Aniar TV agus a comhghleacaithe as a n-obair chrua agus a gcomhoibriú lena chun an feachtas seo a fhorbairt agus a scaipeadh i bhfad agus i ngearr.**

**Ó cuireadh tús spleodrach leis an bhfeachtas seo ar Lá Mhic Dara, tá go leor fiosrúchán faighte ó thimpeall na tíre agus na cruinne, ó theaghlaigh, ó dhaoine aonair agus ó ghnólachtaí. Tá 121 fiosrúcháin beo idirlámha i gConamara Láir cheana féin agus tá Forbairt Chonamara Láir Teo., i gcomhfhreagras le gach ceann.**

**Is mar thoradh ar na comhráite faoin imní maidir leis na himpleachtaí a bhaineann leis an titim daonra sa gceantar, go háirithe ar na scoileanna Gaeltachta, a tosaíodh ag forbairt an coincheap seo. Ar ndóigh, ní réiteofar na fadhbanna sin thar oíche agus mar a dúirt Máirín ina cuid óráide ar Oíche an Ghradaim, 'Ar scath a chéile a mhaireann na daoine agus is sin atá orainn a dhéanamh i gConamara Láir agus in sna Gaeltachtaí ar fad'.**

# Bleibíní do na Beacha

Shocraigh Forbairt Chonamara Láir Teo., Pleanáil Teanga Chonamara Láir & Óige na Gaeltachta Muintearas Teo., ceiliúradh a dhéanamh ar 35 bliain de Gaisce (Gradam an Uachtaráin). Mar chuid den cheiliúradh, tháinig Clubanna Óige uile (5-12 Bliain) i gConamara Láir agus chur siad bolgáin phailneoirí-chairdiúla a bhí curtha ar fáil dhúinn ag Forum Chonnemara CLG, in áit le todhchaí ár ndaonra beacha ríthábhachtach a chosaint. Thángadar le chéile i:

- Scoil Bhriocáin, Ros Muc
- Séipéal Chill Chiaráin
- Halla Pobail an Chaisil



Ba mhaith le FCL Teo., Pleanáil Teanga Chonamara Láir & Óige na Gaeltachta Muintearas Teo. buíochas ó chroí a ghlacadh le Paddy Finnerty, Cumann Beacha Chonamara, leis na gasúir, na clubanna óige agus gach duine a tháinig agus a thug cúnamh ar an lá. Bhí an-lá againn ar fad.















I 1994, mar chuid de chlár ealaíne Phléaráca Teo., cuireadh tús le ceardlann péintéireachta do dhaoine fásta san Ionad Fiontair, Ros Muc. Tháinig éileamh mór ar an gceardlann thar na blianta agus bhain fir agus mná idir óg is aosta leas as. Sí Gwyneth Wynn Uí Ghaora

aosta leas as. Sí Gwyneth Wynn Uí Ghaora ealaíontóir as an mBreathain Bheag ó dhúchas ach atá ina cónaí i Ros Muc, a bhíodh i mbun na ceardlainne.

I 2014, nuair a dhúin Pléaráca, bheartaigh baill na ceardlainne leanúint ar aghaidh ag teacht le chéile i rith seisiúr an gheimhridh. Tá ag éirí go maith leis an obair agus tá taispeántais dá shaothar curtha ar fáil acu don phobal ó am go chéile sa Leabharlann ar an gCeathru Rua, agus In Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ros Muc. Mar chuid de cheiliúradh 1916, bhí táispéantas sa gcarrchlós ag an Scuaib Fraoigh trasna an bhóthair ó Shéipéal an Ghoirt Mhóir, agus sa gCrannóg i Ros Muc.

Is sa gCrannóg i Ros Muc a thagann an grúpa le chéile oíche sa tseachtain. Suas le 19 baill atá sa ngrúpa. Tagann na baill as ceantair éagsúla agus, fiú chomh fada ó bhaile leis an Trá Bháin. Tá roinnt acu siúd a thosaigh i 1994 fós páirteach.

Thar na blianta, deascair saol sóisialta as an gceardlann. Ón tús, bhíodh deireadh seachtaine péintéireachta eagraithe in áiteanna éagsúla gach bliain, áiteanna ar nós Inis Meáin agus Inis Bó Finne. Tá sé sin amhlaidh I gconaí. Téann an grúpa ar thurais go Baile Áta Cliaith ag táispeáintais a bhíonn ar siúl san nGailearaí Náisiúnta.. Níos faide ó bhaile, bhí deireadh seachtaine bhreá freisin againn in Amsterdam cúpla bliain ó shin.

Nuair a thagann deireadh leis an obair faoi Cháisc, coinníonn an grúpa teagmháil lena chéile agus eagraítear teacht le chéile i gcomhar lón nó dinéar anois is arís agus ár ndóigh bíonn dinéar Nollag againn freisin.

Faraor, an bhliain seo caite sciob an bás uainn beirt de na baill, Angela agus Mary, Beannacht Dé lena n-anam. Aireoidh muid uainn iad.

Ba mhaith an lá dúinne agus do Chonamara an lá a dtáinig Gwyneth Wynn Uí Ghaora go Ros Muc. Tá obair mhór déanta aici, ag spreagadh agus ag cur chun cinn na h-ealaíne i scoileanna, ar champaí samhraidh, do fhir agus mná agus don aosach..

Maidir lena mbíonn ar siúl ag an Scuaib Fraoigh, ní ceardlann atá i gceist anois. Is dócha gur seid nó parlús na bpéintéirí is feiliúnaí le tabhairt air. Deis atá ann an grúpa a choinneáil le chéile agus a choinneáil ag péinteáil. Ag obair as a stuaim féin a bhíonn muid agus ag tabhairt cúnamh agus tacaíocht dá chéile nuair is gá. Bíonn muid ag brath ar Gwen nuair a bhíonn comhairle agus treoir ag teastáil. Tá muid an-bhuíoch dí.

Tá buíochas ag dul do Eilín agus do Chris a dhéanann cinnte go bhfuil ionad agus ábhar againn i gcomhar na h-oibre.

Níl faoinse maoinithe ar bith ag an Scuaib Fraoigh ach amháin an táille bhliantúil a íocann na baill i leith costas an Ionaid agus ábhar. Is go deonach atá an Scuaibh Fraoigh á rith. Chuir an Covid stop le himeachtaí ach tá súil againn le cúnamh Dé teacht le chéile aríst go luath i 2022.

# Mo Chéad Mhí i Scoil Phobail Mhic Dara

**Le Micheal Ó Cathasaigh**
**(An Chéad Bhliain, S.P.M.D.)**

Bhí mé neirbhíseach agus ar bís ag an am céanna ar mo chéad lá i S.P.M.D. Bhí sé ar nós caibidil nua ag oscailt i mo shaol. Bhí muid ag fanacht sa halla corp oideachais agus cuireadh isteach inár ngrúpa ranga muid. Bhí mé díomach agus sásta ag an am céanna. Díomach mar go raibh cuid de mo chairde sa ngrúpa eile agus sásta mar go raibh cúpla cara liom i mo rang. Bhí mise agus ceithre dhuine dhéag sa rang ar a dtugtar 'Sceirde' air, agus seacht nduine dhéag dalta eile sa rang ar a dtugtar 'Fínis' air. Tá an rang 'Sceirde' lonnaithe sa seomra Gearmáinise le haghaidh na croí ábhair agus an rang 'Fínis' lonnaithe sa seomra Béarla.

Chuir cuid de na muinteoirí iad féin in aithne dúinn agus caithfidh mé a rá nach raibh said chomh dona sin! Ta an t-ádh linn i S.P.M.D. go bhfuil na múinteoirí chomh deas agus ag faire amach dúinn i gcónaí. D'inis an príomhoide linn faoi na hábhair ar fad agus mhol sé dúinn iad a thriáil amach sula mbeadh cinneadh cinnte déanta againn. Fuair muid turas timpeall na scoile agus casadh na múinteoirí eile orainn nach raibh feicthe againn.

Ag breathnú siar ar mo chéad mhí, tá mé an-sásta i mo scoil nua. Tá cairde nua déanta agam, tá ábhair nua á ndéanamh agam agus tá mé ag fáil isteach ar an gclár ama agus dár ndóigh, ar an obair bhaile! Ní thaitníonn sé liom go bhfuil obair bhaile againn ag an ndeireadh seachtaine ach níl aon dul as, faraor!

I mo thuairim, seo í an scoil is fearr ar domhan agus tá mé ag súil go mór leis na blianta atá amach romham i Scoil Phobail Mhic Dara, Carna.

# Cuisle –
# Clár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige.

Tá áthas orainn in Ealaín na Gaeltachta go bhfuil muid ar ais aríst beo beathaíoch le Cuisle, Clár uile Ghaeltachta sna hEalaíona Dúchasacha don Óige.
Mar chuid den chlár seo, cuireann muid ranganna ceoil uirlíse, amhránaíocht ar an sean nós & damhsa ar an sean nós ar fáil sna scoileannna agus ag Ionaid Iarscoile i gConamara agus Árainn uilig trí Ghaeilge. Tá scoth na dteagascóirí againn agus tá go leor leor páistí ag foghlaim is ag baint sult as ár gcuid ranganna.
Tá an chéad téarma tosaithe anois agus ba mhaith linn cur leis an tseirbhís ata againn i gCeantar Iorras Aithneach. Chuige seo, tá muid ag lorg teagascóirí a bheadh in ann ceol uirlíse sna healaíona Dúchasacha, amhranaíocht & damhsa ar an sean nós, scéalaíocht, agallaimh beirte agus lúibíní a bheith linn mar chuid den bhfoireann teagascóirí. Bíonn na ranganna ar siúil I rith am scoile nó taobh amuigh de am scoile.
Má tá spéis agat a bheith mar chuid den bpainéal agus má tá tuilleadh eolas uait, déan teagmhál linn ag ealain@udaras.ie
Coinnigh súil amach freisin do na scéimeanna NÓTA & TREISIÚ féach www.ealain.ie atá againn má tá tú ag iarraidh ceardlann, ranganna, ceolchoirmeacha, treanál, imeacht speisialta faoi leith leis an Óige, cur le do chleachtas, deiseanna a thabhairt do dhaoine óga sa réimse seo a chur chun cinn i do cheantar féin. Aríst, tá tuilleadh eolas le fáil ag ealain@udaras.ie

# Cliabhán Cultúrtha Chonamara Láir

*Buíochas mór ó chroí le Colene Ní Niaidh as Inbhear, Rosmuc a sheol físeán chugainn do sraith Cliabhán Cultúrtha na míosa seo. Is físeán speisalta é agus í ag seinm port ina ionad oibre, Teach an Phiarsaigh. Buíochas le Dáire agus Ó hAinmhire agus Mícheál Ó Maoileáin (a comhghleacaithe)a thug cúnamh di an físeán a thaifead.*



Beidh an phictiúrlann ag teacht go Carna an geimhreadh seo. Tá Club Scannáin Carna, le tacaíocht ó Access Cinema, ag taispeáint cheithre scannán in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach:

Nomadland - 22ú Deireadh Fomhair
The County - 12ú Samhain
Song of Granite - 3ú Nollaig
Dream Horse - 17ú Nollaig

Tá ticéid €20 dona ceithre scannán nó €7 do scannán amháin agus beidh siad ar díol ag an doras nó seol SMS chuig Siobhán ar 0871130508 chun ticéid a cheannach roimh ré.




# CROSFHOCAL OÍCHE SHAMHNA

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Z | T | E | A | C | H | T | A | I | B | H | S | I | I | T | B | E | P |
| Q | N | K | E | G | O | P | U | I | M | C | I | N | A | D | V | S | M |
| D | H | Y | K | S | S | L | M | F | F | U | G | X | L | A | V | C | I |
| R | C | N | O | A | N | N | A | F | E | L | B | M | T | M | A | A | L |
| A | P | A | H | M | A | V | P | O | I | W | C | A | O | H | I | N | S |
| I | I | X | W | H | D | C | C | P | S | B | A | X | G | A | M | R | E |
| O | S | S | U | A | U | O | L | U | T | L | T | B | V | N | P | A | A |
| C | E | T | S | I | R | I | E | C | E | A | D | P | E | A | I | D | I |
| H | O | N | V | N | T | R | A | A | A | O | U | N | B | L | R | H | N |
| T | G | G | A | W | H | E | S | I | S | S | B | M | K | L | J | P | G |
| C | H | T | C | K | A | A | W | T | U | C | H | T | K | A | M | I | F |
| C | A | I | L | L | E | A | C | H | C | D | I | A | B | H | A | L | J |

*PUIMCÍN *SAMHAIN *PÚCAÍ *CNÓANNA *CAILLEACH *CAT DUBH
*COIRE *IALTÓG *VAIMPÍR *SCANRADH *DAMHAN ALLA *CLEAS
*BLAOSC *FEISTEAS *DIABHAL *PISEOG *TEACH TAIBHSÍ
*OSNÁDÚRTHA *MILSEÁIN *DRAÍOCHT

# Coirnéal Chomhrá-'Ar Chuala Tú?'



**Ainm: Máirín Ní Choisdealbha-Seoige**
**Oifigeach Forbartha, Forbairt Chonamara Láir Teo. & ball de Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir**

**1.Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Máirín Ulick

**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Glinnsce

**3. An bhfuil tú sásta gur shocraigh tú fanacht sa mbaile agus cén fáth?**
Cinnte, ach, mar a deir mo mháthair, nuair a phósann tú duine, pósann tú an baile agus tá sé sin fíor. Is Glinnsce mo theaghlach nua

**4. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?**
Fuair mé mo chuid oideachas ar fad trí Ghaeilge agus buntáiste iontach a bhí agus atá in úsáid an teanga i mo shaol príobháideach agus gairmiúil

**5. An mbíonn tú in ann go leor do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?**
Cinnte. Déanaim 90-95% de mo chuid oibre trí Ghaeilge

**6. Céard é an béilí agus an deoch is fearr leat?** Stéig, sceallóga & sailéad

**7. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?**
Breathnú ar an teilifís agus laethanta saoire le mo chlann

**8.An nóiméad den lá is fear leat?** Am codlata agus gach duine sábháilte

**9.An tsaoire is mó cuimhní agat ar & cén fáth?** Mí na Meala san Astráil

**10.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Bloodlands RTE

**11. Cén seánra ceoil ina bhfuil suim agat ann?**
Gach cineál ceoil. Braitheann sé ar an lá ach Ceol Tíre má tá orm rogha a dhéanamh!

**12. An raibh aon tionchar mór ag cúrsaí na géarchéime sláinte ort?**
An gá a bheith aireach an t-am ar fad agus gan a bheith in ann cuairt a thabhairt chuig mo dheirfiúracha agus mo dheartháir, ar theaghlaigh agus cairde gan pleanáil chun tosaigh.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comghairdeas mór le buaiteoir na míosa seo- Gareth Dunne atá ina chónaí i gCarna.
Ba é an téama ná 'Scéin 's Scanradh Oíche Shamhna'.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn.
Is é Seán Lydon, grianghrafadóir gairimiúil ó Mhaigh Cuilinn, atá ag déanamh moltóireacht ar an gcomórtas grianghrafadóireachta.
Seolaigí chugainn bhur bpictiúir chun do sheans 'Hoodie' Pleanáil Teanga Chonamara Láir a bhuachan.
Fógrófar an téama go luath ar na meáin shóisialta

## Logainm na Míosa

Scríb:

Ciallaíonn an focal 'Scríb' stráice caol talún.

## Seanfhocal na Míosa:

Naoi n-oíche agus oíche gan áireamh, ó Oíche Shamhna go hOíche Fhéile Mártain.

---

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.